Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2024
(OR. en)

9625/24

LIMITE

CORLX 478
CFSP/PESC 689
RELEX 620
COEST 287
FIN 426

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0109(NLE)**

PUBLIC

## TOGRA

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Bealtaine 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | JOIN(2024) 15 final |
| Ábhar: | Togra comhpháirteach le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad JOIN(2024) 15 final.

---

Faoi iamh: JOIN(2024) 15 final

AN COIMISIÚN EORPACH

ARDIONADAÍ AN AONTAIS DO GHNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS DON BHEARTAS SLÁNDÁLA

PUBLIC

An Bhruiséil, 3.5.2024
JOIN(2024) 15 final

2024/0109 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra comhpháirteach le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

PUBLIC

2024/0109 (NLE)

Togra comhpháirteach le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2024/746 ón gComhairle an 23 Feabhra 2024 lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine.

(2) Tugtar éifeacht le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle.

(3) An XXX, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/XXX, lena leasaítear Cinneadh 2014/512/CBES.

(4) Sna conclúidí uaithi an 24 Feabhra 2022, cháin an Chomhairle Eorpach go géar an fogha míleata gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin. Leis na gníomhaíochtaí míleata neamhdhleathacha atá ar siúl ag an Rúis, tá sárú tromchúiseach a dhéanamh aici ar an dlí idirnáisiúnta agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, agus tá dochar á dhéanamh aici do shlándáil agus do chobhsaíocht na hEorpa agus an domhain. D’iarr an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí pacáiste breise smachtbhannaí aonair agus eacnamaíocha a ullmhú agus a ghlacadh go práinneach. D’iarr an Chomhairle Eorpach ar an Rúis agus ar fhoirmíochtaí armtha a bhfuil tacaíocht na Rúise acu éirí as an bhfeachtas bréagaisnéise atá ar bun acu.

(5) Sna conclúidí uaithi an 10 Bealtaine 2021, chuir an Chomhairle i dtábhacht gur gá athléimneacht an Aontais agus na mBallstát a neartú a thuilleadh chomh maith lena gcumas cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, lena n-áirítear bréagaisnéis, agus é á áirithiú go mbainfear úsáid chomhordaithe chomhtháite as uirlisí atá ann cheana agus as uirlisí nua a d’fhéadfadh a bheith ann chun cur i gcoinne bagairtí hibrideacha ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát, agus freagairtí a d’fhéadfadh a bheith ann i réimse na mbagairtí hibrideacha, lena n-áirítear, *inter alia*, freagairtí ar chur isteach eachtrach agus oibríochtaí tionchair, lena bhféadfaí bearta coiscteacha a chumhdach chomh maith le costais a fhorchur ar ghníomhaithe naimhdeacha stáit agus neamhstáit.

(6) Sna conclúidí uaithi an 21 agus an 22 Márta 2024, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach tacaíocht dhaingean an Aontais do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad agus dá ceart bunúsach féinchosanta i gcoinne fhogha na Rúise. D'iarr sí freisin go dtabharfaí tuilleadh céimeanna chun cumas na Rúise leanúint dá cogadh foghach a lagú, lena n-áirítear trí na smachtbhannaí a neartú.

(7) Thug Cónaidhm na Rúise faoi fheachtas córasach idirnáisiúnta ionramhála na meán agus saofa fíricí chun feabhas a chur ar a straitéis díchobhsaithe ar a tíortha comharsanacha agus ar an Aontas agus a Bhallstáit. Go háirithe, tá an bholscaireacht tar éis díriú arís agus arís eile agus go leanúnach ar pháirtithe polaitiúla Eorpacha, go háirithe le linn tréimhsí toghcháin, agus dírítear leis an mbolscaireacht freisin ar an tsochaí shibhialta, ar iarrthóirí tearmainn agus ar mhionlaigh eitneacha na Rúise, ar mhionlaigh inscne, agus ar fheidhmiú institiúidí daonlathacha san Aontas agus ina Bhallstáit.

(8) Chun údar agus tacaíocht a thabhairt don fhogha faoin Úcráin, thug Cónaidhm na Rúise faoi ghníomhaíochtaí bolscaireachta leanúnacha comhbheartaithe dírithe ar an tsochaí shibhialta san Aontas agus ar thíortha comharsanacha, lena ndéantar fíricí a shaobhadh agus a ionramháil go tromchúiseach.

(9) Rinneadh na gníomhaíochtaí bolscaireachta sin a sheoladh trí roinnt eagraíochtaí meán atá faoi bhuanrialú díreach nó indíreach cheannaireacht Chónaidhm na Rúise. Bagairt mhór, dhíreach atá i ngníomhaíochtaí den sórt sin ar ord poiblí agus ar shlándáil an Aontais.

(10) Tá na heagraíochtaí meán sin fíor-riachtanach agus ríthábhachtach ó thaobh an fogha faoin Úcráin a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dó, agus ó thaobh tíortha comharsanacha na hÚcráine a dhíchobhsú.

(11) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, agus mar fhreagairt ar ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine, is gá, i gcomhréir leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe an ceart maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, a aithnítear in Airteagal 11 di, gníomhaíochtaí craoltóireachta eagraíochtaí meán breise san Aontas nó gníomhaíochtaí craoltóireachta dá gcuid atá dírithe ar an Aontas a chur ar fionraí go práinneach. Ba cheart na bearta sin a choinneáil ar bun go dtí go gcuirfear deireadh leis an bhfogha faoin Úcráin, agus go dtí go n-éireoidh Cónaidhm na Rúise, agus a heagraíochtaí meán ghaolmhara, as gníomhaíochtaí bolscaireachta a reáchtáil in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát.

(12) I gcomhréir leis na cearta agus saoirsí bunúsacha a aithnítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, go háirithe leis an gceart maidir leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, leis an tsaoirse fiontraíochta agus leis an gceart chun maoine a aithnítear in Airteagail 11, 16 agus 17 di, ní chuireann na bearta sin cosc ar na heagraíochtaí meán sin ná ar a bhfoireann gníomhaíochtaí eile seachas craoladh a dhéanamh san Aontas, amhail taighde agus agallaimh. Go háirithe, leis na bearta sin, ní mhodhnaítear an oibleagáid atá ann na cearta, na saoirsí agus na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 6 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a urramú, lena n-áirítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbunreachtanna na mBallstát, laistigh dá réimsí cur i bhfeidhm faoi seach.

(13) Chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an bpróiseas dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES maidir le ceadúnais chraoltóireachta a chur ar fionraí, ba cheart don

Chomhairle cumhachtaí cur chun feidhme a fheidhmiú chun cinneadh a dhéanamh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach, cé acu atá nó nach bhfuil na bearta sriantacha le bheith infheidhme ar an dáta a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 i leith roinnt eintiteas a liostaítear in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(14) Tagann na bearta faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn XV i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo; Beidh feidhm ag an bpointe seo maidir le ceann amháin nó níos mó de na heintitis dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo ón [*cuir isteach an dáta iomchuí agus réamhfhógra á chur san áireamh*] agus ar choinníoll go gcinnfidh an Chomhairle amhlaidh trí ghníomh cur chun feidhme, tar éis di scrúdú a dhéanamh ar na cásanna faoi seach.;

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an [...] lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC